Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5717/23**

**RESPR 2**
**FIN 89**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Mheitheal um Acmhainní Dílse |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Fíorú ar an Ollioncam Náisiúnta chun buiséad an Aontais a mhaoiniú - Na rioscaí i dtiomsú sonraí cuimsithe go maith tríd is tríd, ach is féidir ord tosaíochta na ngníomhaíochtaí a fheabhsú a thuilleadh.<br>*- Formheas* |

1. An 20 Nollaig 2022, thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um Acmhainní Dílse scrúdú a dhéanamh ar thuarascáil speisialta Uimh. 25/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Fíorú ar an Ollioncam Náisiúnta chun buiséad an Aontais a mhaoiniú - Na rioscaí i dtiomsú sonraí cuimsithe go maith tríd is tríd, ach is féidir ord tosaíochta na ngníomhaíochtaí a fheabhsú a thuilleadh'[1] agus teacht ar na conclúidí ábhartha[2].

2. An 25 Eanáir 2023, tháinig an Mheitheal um Acmhainní Dílse ar chomhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo, ar bhonn togra a thíolaic an Uachtaránacht.

3. Moltar, dá bhrí sin, go gcuirfeadh Coiste na mBuanionadaithe comhairle ar an gComhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá san Iarscríbhinn a fhormheas mar mhír 'A' ar an gclár oibre ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

---

[1] IO C 471, 12.12.2022, lch. 14.
[2] 16003/22.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Fíorú ar an Ollioncam Náisiúnta chun buiséad an Aontais a mhaoiniú - Na rioscaí i dtiomsú sonraí cuimsithe go maith tríd is tríd, ach is féidir ord tosaíochta na ngníomhaíochtaí a fheabhsú a thuilleadh**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 25/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta) mar aon le freagraí an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gurb é atá i bhfíoruithe Eurostat i dtimthriallta ilbhliantúla anailís mhionsonraithe ar na sonraí OIN arna dtuairisciú ag na Ballstáit chun inchomparáideacht, iontaofacht agus uileghabhálacht na sonraí a áirithiú; mar sin féin, dá fhad a bhíonn an próiseas agus dá mhéad é an líon saincheisteanna a bhíonn sainaitheanta ag Eurostat, is ea is ísle an intuarthacht i dtaobh ranníocaíochtaí na mBallstát;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

   - Tá próiseas measúnaithe riosca Eurostat deartha go maith agus déantar freastal éifeachtach air chun na saincheisteanna ardriosca maidir le tiomsú sonraí OIN a shainaithint; mar sin féin, níor bhain Eurostat lánúsáid as torthaí an mheasúnaithe riosca chun tús áite a thabhairt dá fhíoruithe, go háirithe i gcás na saincheisteanna is mó riosca;

   - Thug Eurostat tacaíocht leordhóthanach do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ardriosca, ach níor fhreagair sé go tráthúil ar shaincheist an domhandaithe;

   - chríochnaigh an Coimisiún an timthriall fíoraithe OIN mar a bhí beartaithe agus chuir sé faisnéis thráthúil ar fáil do na Ballstáit maidir le coigeartuithe ar a ranníocaíochtaí mar thoradh ar fhíoruithe OIN; mar sin féin, bhí go leor saincheisteanna oscailte ag deireadh an timthrialla fíorúcháin, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar ranníocaíochtaí na mBallstát. Rinne Eurostat seiceáil ar go leor saincheisteanna a léirigh go bhfuil tionchar íseal acu ar OIN agus aimsíodh neamhéifeachtúlachtaí maidir leis na huirlisí doiciméadachta a úsáideadh;

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé fíoruithe a dhíriú go héifeachtach ar na saincheisteanna is tábhachtaí, agus an timthriall fíorúcháin a dhúnadh a luaithe is féidir i bhfianaise a thábhachtaí atá intuarthacht ranníocaíochtaí na mBallstát leis an mbuiséad;

5. ADMHAÍONN SÍ gur ghlac an Coimisiún leis an gcuid is mó de mholtaí na Cúirte agus go bhfuil céimeanna á dtabhairt ag Eurostat cheana féin chun forléargas a éascú ar an tionchar ar OIN a bhíonn ag na pointí gníomhaíochta agus na forchoimeádais a leagadh síos agus ar tugadh aghaidh orthu le linn thimthriall 2020-2024;

6. ROINNEANN SÍ TRÍD IS TRÍD freagraí an Choimisiúin ar na torthaí agus ar na moltaí a áirítear sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe go bhfuil na Ballstáit in ann measúnú a dhéanamh ar chastacht agus ar thionchar féideartha pointí gníomhaíochta agus an obair orthu a phleanáil agus tosaíocht a thabhairt di dá réir sin;

7. Agus moltaí na Cúirte á gcur san áireamh aici, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún (go háirithe trí Eurostat, i gcás inarb ábhartha), faoi thús an chéad timthrialla fíorúcháin eile ar a dhéanaí, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- tús áite a thabhairt d’obair lena dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna idirdhisciplíneacha sin is dóichí a mbeidh tionchar an-mhór acu ar fhormhór na mBallstát, chomh maith le fíoruithe a spriocdhíriú go córasach sna Ballstáit ardriosca;

- doiciméadú níos fearr a dhéanamh ar na cúiseanna a bhaineann le réimsí a roghnú le haghaidh fíorú díreach agus anailís a dhéanamh, i ndlúthchomhar leis na hOifigí Staidrimh Náisiúnta, ar bhealaí chun tosaíocht na hoibre ar phointí gníomhaíochta a fheabhsú;

- tráthúlacht na tacaíochta agus na treorach a chuirtear ar fáil d’Oifigí Staidrimh Náisiúnta a fheabhsú nuair a shainaithnítear saincheist ardriosca nua agus údar leordhóthanach a thabhairt do chinntí chun an tréimhse d’áirithintí a theorannú;

- éifeachtúlacht an timthrialla fíorúcháin a fheabhsú a thuilleadh, go háirithe trí anailís a dhéanamh ar oiriúnacht na tairsí ábharthachta atá ann faoi láthair, i ndlúthchomhar leis na hOifigí Staidrimh Náisiúnta, agus trí anailís a dhéanamh ar an bhféidearthacht uirlisí TF a fheabhsú chun gur féidir obair leantach níos éifeachtúla a dhéanamh ar fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an bpróiseas fíorúcháin.